# Treoir le Léiriú Iomlán Scoile a Chur le Chéile



Bainfidh scoil ar bith sult agus sásamh as léiriú iomlán scoile a dhéanamh am éigin i rith na scoilbhliana – bíodh sé ag an Nollaig, ag deireadh na bliana nó ag am ceiliúrtha eile.

**1. Cén Dráma?**

- Roghnaigh dráma/ceoldráma fóirsteanach do na daltaí; smaoinigh ar aois, suim agus tallann na bpáistí.
- Cuir trialacha aisteora ar fáil don líon is mó daltaí is féidir. Lig do dhaltaí a bheith páirteach i ngnéithe den léiriúchán fosta m.sh. criú ardáin/teicniúil, cultacha, frapaí, smideadh, cláir, póstaeir srl.
- Nó roghnaigh rang amháin nó b'fhéidir Cumann Drámaíochta má tá cumann ag an scoil le ról na bpríomhcharachtar a ghlacadh sa dráma.
- Is féidir le gach rang eile a bheith páirteach tríd amhrán a cheol nó dán a rá le linn an dráma. Fanfaidh na príomhcharachtair ar an ardán de réir mar a bhíonn na ranganna eile ag teacht agus ag imeacht. Mar shampla, má tá **Draíodóir an Oz** á léiriú ag an scoil, beidh na príomhcharachtair ar an ardán i rith an ama. Tiocfaidh ranganna isteach ar a seal agus éadaí carachtair sa dráma orthu ag teacht isteach gléasta mar charachtair a bhaineann leis an dráma, agus b'fhéidir amhrán nó dán a rá bunaithe ar sin – m.sh. *Munchkins*, sióga, leoin srl.
- Is féidir dráma a roghnú atá scríofa cheana féin – tá neart drámaí amuigh ansin – is féidir iad a mhunlú lena gcur in oiriúint do do scoil féin nó is féidir stíl nua-aimseartha a chur orthu. Labhair le múinteoirí sa scoil nó i scoileanna eile le fiosrú cad é atá ar fáil.
- Is féidir aistriúchán a chur ar dhráma atá scríofa i mBéarla cheana féin. Is furasta drámaí Béarla a fháil ó shiopaí leabhar nó ó shuímh idirlín.
- Más fearr leat do dhráma féin a scríobh, bíodh sé bunaithe ar scéal simplí nó ar fhinscéal. Smaoinigh ar na scéalta a thaitníonn leis na páistí – b'fhéidir úrscéal atá á léamh agaibh sa rang.

**2. Cleachtadh**

- Tabhair am do na páistí na línte a fhoghlaim. Bíodh cleachtadh ar leith ann do na focail, don amhránaíocht agus don cheol. Bíodh cruinnithe léiriúcháin, cruinnithe teicniúla, cruinnithe don chriú, cruinnithe margaíochta srl. ann.
- Oibrigh tríd an téacs i mionchéimeanna agus ansin cuir le chéile iad. m.sh. Déan cleachtadh ar radharc, ar ghníomh, ar an chéad leath agus déan a thuilleadh cleachtaidh air. Ní gá ord an dráma a leanúint. B'fhéidir gur chóir radhairc fhada/dheacra a dhéanamh ar dtús.
- Cuir an cleachtadh sa phleanáil mar chuid den Litearthacht (Labhairt & Éisteacht), agus mar chuid de na hEalaíona (Drámaíocht & Ceol).
- Beidh cleachtadh laethúil de dhíth agus dáta an léirithe ag druidim libh.
- Caithfear cúpla cleachtadh gléasta a bheith ag an scoil roimh an léiriú féin – tabharfar deis do na páistí an seó a fheiceáil gan tuismitheoirí i láthair ann.

**3. Nithe Teicniúla agus Ceol**

- Déan pleanáil do na riachtanais léiriúcháin agus na riachtanais theicniúla go luath; soilsí a chur in áirithe, fuaim, seit a dhéanamh, frapaí a bhailiú, smideadh a cheannach, póstaeir a dhearadh, ticéid agus cláir a phriontáil, maoirseacht, sólaistí srl.
- Is fiú teicneoir fuaime a bheith ann le ceol a chur ag dul ag tús an léirithe, deireadh an léirithe agus le linn do na ranganna eile a bheith ag teacht agus ag imeacht ón ardán. Oibríonn popamhráin go han-mhaith óir is féidir le tuismitheoirí a bheith ag ceol nó ag damhsa leo. Más dráma na Nollag é, mar shampla, is féidir dlúthdhiosca le hamhráin Nollag a chur le chéile.
- Má tá Cór Scoile ann, is féidir leo cúpla amhrán a cheol roimh an dráma.
- Ag deireadh an léirithe, is deas an scoil ar fad a thabhairt a fhad leis an ardán le hamhrán amháin a cheol le chéile. Is breá le tuismitheoirí/caomhnóirí na páistí uilig a fheiceáil mar seo, mar is minic a bhíonn deirfiúracha agus deartháireacha le chéile ag an phointe seo.

**4. Seit agus Fearais**

- Ba chóir go mbeadh cruinniú ag an fhoireann cúpla mí roimh an dráma le deis a thabhairt don chomhordaitheoir ealaíne nó don ealaíontóir treoir a thabhairt maidir leis an seit agus leis an fheisteas. Beidh múinteoirí in ann tagairt a dhéanamh do seo sa phleanáil 6 seachtaine ealaíne.
- Is féidir le cúpla rang a bheith freagrach as an seit a thógáil agus as an chúlra a dhearadh. Má tá an scoil ábalta ealaíontóir a fhostú ar feadh roinnt uair an chloig, is fiú seo a dhéanamh. Is féidir leis an ealaíontóir plé a dhéanamh leis an chomhordaitheoir ealaíne agus plean a chur le chéile maidir leis an seit – clár ama a chur le chéile ag cur síos ar na ranganna a bheas ag obair ar ghnéithe áirithe den seit.
- Is féidir le gach rang a bheith freagrach as fearais éagsúla a thógáil. Is fiú seo a phlé cúpla mí roimh an dráma sa dóigh is gur féidir le múinteoirí seo a chur san áireamh maidir lena gcuid pleanála.

# Treoir le Léiriú Iomlán Scoile a Chur le Chéile

- Coinnigh na cultacha simplí – is féidir le páistí ó na ranganna éagsúla gléasadh mar an gcéanna ag brath ar na páirteanna, m.sh. más sióga iad rang 1, agus réalta iad rang 2 srl. Smaoinigh ar áiteanna a chuireann ábhair athchúrsáilte ar fáil – seanéadach, páipéir, boscaí srl. Is minic is féidir rudaí mar seo a fháil saor in aisce.
- Is féidir leis na príomhcharachtair a gcultacha féin a dhéanamh nó má tá tuismitheoirí/caomhnóirí ann ar mhaith leo cuidiú a thabhairt, b'fhéidir go dtiocfadh leo cúpla uair an chloig a chaitheamh ar na cultacha.

**5. Ardán agus Córas Fuaime**

- Má tá ardán de dhíth ar an scoil, cuir ceist ar scoileanna eile nó eagraíochtaí eile an féidir ceann a fháil ar iasacht uathu.
- Is féidir córas fuaime a fháil ar iasacht ó eagraíochtaí Gaeilge amuigh ansin – ná bíodh eagla ort ceist a chur! Má tá léiriú iomlán scoile ann – is fiú corás fuaime a fháil mar is deacair na páistí a chloisteáil i measc tuismitheoirí, cuairteoirí, leanaí, srl.!
- Má tá ionad in aice libh a bhfuil ardán ann, tapaigh an deis agus léirigh an seó ansin!
- Go minic, is féidir ardán a fháil ar cíos ar phraghas réasúnta – cuir scairt ar chomhlachtaí drámaíochta.

**6. Poiblíocht**

- Iarr ar na páistí póstaeir a dhearadh le cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí, bord gobharnóirí agus cuairteoirí eile.
- Gabh i dteagmháil leis na meáin – an páipéar nuachta áitiúil, an stáisiún raidió áitiúil, nó fiú lucht teilifíse. Tabharfaidh sin ardú poiblíocht iontach don scoil.
- Cuir in iúl don phobal áitiúil go mbeidh léiriú ann sa scoil.
- Tabhair cuireadh do scoileanna eile teacht agus an dráma a fheiceáil.

**7. Rud ar bith eile?**

- Déan an seó a thaifeadadh – iarr ar thuismitheoir nó ar mhúinteoir seo a dhéanamh. Is féidir amharc siar ar an dráma amanna eile amach anseo.
- Glac go leor grianghraf – is deas iad a choinneáil agus iad a chur i leabhar gearrthóg.
- Labhair le múinteoirí i scoileanna eile le comhairle a fháil – 'is ar scáth a chéile a mhaireann muid'.
- Foghlaim ón taithí agus is cuidiú é don chéad iarracht eile. Breac síos na rudaí a d'oibrigh go maith agus na rudaí nár oibrigh chomh maith céanna.
- Bain sult as!

Cuimhnigh gur chóir go mbainfeadh na daltaí sult as na gníomhaíochtaí. Tugtar deis iontach do dhaltaí nach raibh mar chuid d'fhoireann riamh, a bheith ag obair le daoine eile agus a bheith mar bhall iontaofa tiomanta de ghrúpa a oibríonn le chéile le dráma a léiriú.

Play Resource: www.playresource.org. Tá dramh-ábhar acu – baintear úsáid as seo don ealaín, seit srl.
Tá scéim darb ainm *Creative Paths Programme* acu, ina mbíonn deontais ar fáil do scoileanna agus is féidir le healaíontóirí theacht amach chuig na scoileanna. Bíonn traenáil ar fáil do mhúinteoirí chomh maith maidir le gnéithe éagsúla den ealaín.